# *Straitéis Ealaíon Uíbh Fhailí a Dhearadh*

*Pobail a Cheiliúradh trí Chruthaitheacht*
2024-2028

**AN PRÓISEAS** .................................................... ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.
AN CUR CHUIGE – CAIDREAMH, ÉISTEACHT, TÓGÁIL AR RATH................................................ 2
*An Mhodheolaíocht* ........................................................................................... 2
**FIONNACHTAIN** .................................................. ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.
PRÓIFÍL AR CHONTAE UÍBH FHAILÍ: DAOINE AGUS ÁIT .......................................................... 3
COMHTHÉACS AN BHEARTAIS ÁITIÚIL AGUS NÁISIÚNTA......................................................... 6
TAIGHDE ATÁ DÉANTA CHEANA FÉIN ................................................................................ 17
CONAS A DTUGTAR ACMHAINNÍ DO NA HEALAÍONA IN UÍBH FHAILÍ ......................................... 18
RÓL ATÁ AG ATHRÚ ......................................................................................................... 20
RANNPHÁIRTÍOCHT PÁIRTITHE LEASMHARA............................. **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**
**SAINMHÍNIÚ** ..................................................... ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.
**FORBAIRT** ............................................................................................................ **23**
ANAILÍS AR LÁIDREACHTAÍ, LAIGÍ, DEISEANNA AGUS BAGAIRTÍ (SWOT) ..... **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**
ANAILÍS AR LÁIDREACHTAÍ, DEISEANNA, ARDAIDHMEANNA AGUS TORTHAÍ (SOAR) ............ **ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.**
**BAINT AMACH** .................................................... ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.
CUR I BHFEIDHM, MONATÓIREACHT AGUS MEASTÓIREACHT ................................................ 31
AGUISÍN I – FREAGRÓIRÍ AGALLAIMH AGUS COMHAIRLIÚCHÁIN ............................................ 33

# AN PRÓISEAS

## An Cur Chuige – Caidreamh, Éisteacht, Tógáil ar Rath

Forbraíodh an straitéis seo trí chlár comhairliúcháin le tacaíocht agus treoir ón Oifig Ealaíon. Bhí taighde ollmhór a rinne an Oifig Ealaíon le blianta beaga anuas mar bhonn eolais di, agus bhí na beartais ábhartha áitiúla agus náisiúnta mar threoir aici.

Bhí prionsabail na D, mar a leagtar amach sa *Phlean Gníomhaíochta chun Seirbhísí Poiblí Níos Fearr a Dhearadh (arna ullmhú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, 2023)*, mar bhonn eolais don straitéis uile.

Cuireadh na sonraí, léargais agus tuairimí a bailíodh sa phróiseas comhairliúcháin i gcomparáid leis an straitéis roimhe seo (*Inspire Imagine, Involve 2018 -2022*) chun na spriocanna a baineadh amach, na spriocanna nach mór leanúint ar aghaidh sa phlean reatha, agus na spriocanna nua nach mór a leagan amach a shainaithint.

### An Mhodheolaíocht

I gcomhréir leis an *bPlean Gníomhaíochta chun Seirbhísí Poiblí Níos Fearr a Dhearadh,* bhí ceithre chéim i gceist leis an obair:

**Fionnachtain**

- Anailís a dhéanamh agus achoimre a thabhairt ar an gcomhthéacs socheacnamaíoch, an timpealleacht bheartais níos leithne agus an taighde atá ann cheana féin.
- Caidreamh a dhéanamh le príomhpháirtithe leasmhara agus éisteacht leo.

**Sainmhíniú**

- An dúshlán nach mór don straitéis aghaidh a thabhairt air a thuiscint agus a cheapadh.

**Forbairt**

- Freagairt straitéiseach ar an dúshlán a dhearadh, bunaithe ar smaointe, léargais agus ábhair imní na bpáirtithe leasmhara.

**Baint Amach**

- Cuspóirí, gníomhartha agus spriocanna ardleibhéil a bhunú ar an gcaoi go bhféadfar baint amach a thomhas agus tionchar a mheas.

# FIONNACHTAIN

## Próifíl ar Chontae Uíbh Fhailí: Daoine agus Áit

**Réigiún riaracháin**

I gcomhthéacs na limistéar tionól réigiúnach, tá Contae Uíbh Fhailí lonnaithe laistigh de Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre, in éineacht le 11 limistéar/chontae eile lena n-áirítear: Cathair Bhaile Átha Cliath, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Baile Átha Cliath Theas, Fine Gall, Cill Mhantáin, Cill Dara, an Mhí, Lú, Laois, an Iarmhí agus An Longfort. Is rannán amháin de Limistéar Pleanála Straitéisí Lár Tíre iad contaetha Uíbh Fhailí, Laoise, na hIarmhí agus an Longfoirt. Tá Contae Uíbh Fhailí ina chomhalta de réigiún Thoir agus Lár Tíre na hÉireann atá ainmnithe ag NUTS II AE.

Tá Ceantair Bhardasacha ag an gComhairle Contae i mBiorra, Tulach Mhór agus Éadan Doire. Is é Tulach Mhór príomhbhaile an chontae agus lárionad riaracháin Chontae Uíbh Fhailí agus tá sé ainmnithe mar Phríomhbhaile sa Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta.

**Geografaíocht**

Tá achar talún tuairim agus 493,985 acra (199,981 heicteár) in Uíbh Fhailí. Talamh chothrom agus dhroimneach is mó atá sa chontae, seachas Sliabh Bladhma. Ar na gnéithe suntasacha eile tá an tSionainn (agus na Calaí) a ritheann ar feadh theorainn thiar an chontae; an Bhrosnach, fo-abhainn na Sionainne; an Chanáil Mhór a théann trasna an chontae, agus láithreáin thábhachtacha seandálaíochta agus stairiúla, mar shampla Cluain Mhic Nóis, Darú agus bolcán marbh, Cnoc Chruacháin. Tá córas cuimsitheach eascracha ann, go príomha in iarthuaisceart agus lár an chontae.

Talamh phortaigh atá is ea tuairim is aon chúigiú den chontae, agus úsáidtear an chuid is mo den talamh le haghaidh meascán de thalmhaíocht agus foraoiseacht. Le tamall anuas, rinneadh forbairt ar roinnt limistéir talún portaigh agus rinneadh príomhthaitneamhachtaí oideachais agus cultúir díobh. Tá na tailte portaigh ina sócmhainn shuntasach ag Uíbh Fhailí le fada an lá, mar acmhainn fuinnimh agus mar fhoinse fostaíochta, agus le blianta beaga, mar thaitneamhacht, áit a mbíonn an-tóir ag turasóirí air, agus mar acmhainn oideachais.

Tá na forbairtí sin tagtha in áit na húsáide traidisiúnta a baineadh as tailte portaigh; baint móna mar phríomhfhoinse fuinnimh indóite, rud a dheimhnigh deiseanna fostaíochta do na glúnta daoine in Uíbh

Fhailí. I measc na samplaí de na cláir chlaochlaithe agus athnuachana sin is mó a bhfuil eolas ag daoine orthu tá Portach Chlóirthigh, ar díol suntais eolaíochta agus oideachais idirnáisiúnta é, ós rud é gurb ionann é agus os cionn 50% den phortach ardaithe neamhghearrtha atá fanta in Iarthuaisceart na hEorpa. Is sampla iontach de limistéar lagphortaigh í Páirc Fionnachtana Loch na Buaraí, Forbraíodh an limistéar lagphortaigh sin le bheith ina thaitneamhacht ardluacha ó thaobh na bithéagsúlachta, an chomhshaoil, agus an chultúir de, agus tá Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí, a bhfuil ardmheas uirthi, lonnaithe i bPáirc Fionnachtana Loch na Buaraí.

Tá líonra dea-fhorbartha bailte agus sráidbhailte in Uíbh Fhailí freisin. Tá rochtain ar an gcontae le bóithre straitéiseacha agus tá iarnród sa chontae le stáisiúin i dTulach Mhór, Clóirtheach agus Cúil an tSúdaire. Is áit mhaith le cónaí agus le hoibriú ann é Uíbh Fhailí mar gheall ar a shuíomh lárnach, nascacht mhaith agus caighdeán maith beatha. Tá an-chuid taitneamhachtaí sa chontae, ina measc an Chanáil Mhór, Darú, Cnoc Chruacháin, Cluain Mhic Nóis, Caisleán, Gairdíní agus Lárionad Eolaíochta Bhiorra, Ionad Cuairteoirí Tullamore D.E.W. agus Páirc Fionnachtana Loch na Buaraí.

**Déimeagrafaic**

De réir na bhfigiúirí i nDaonáireamh 2022, tá 83,150 duine in Uíbh Fhailí. Astu sin, thuairiscigh 41,522 díobh mar bhaineann agus 41,628 mar fhireann. Is ardú 5,189 (7%) é sin ó na figiúirí le haghaidh 2016.

Tá 17,167 leanbh idir 0 agus 14 bliana d'aois ann, agus 5,623 (33%) díobh ag freastal ar chúram leanaí, i gcomhréir leis an meánmhéid náisiúnta. Tá 5,819 nduine óg idir 15 agus 19 mbliana d'aois ann, agus 4,569 nduine óg idir 20 agus 24 bliana d'aois. Tá beagnach aon trian den daonra idir 0 agus 24 bliana d'aois.

Faoi láthair, is ea 39 mbliana d'aois meánaois an daonra, aois atá os cionn na meánaoise náisiúnta de 38.8 agus os cionn na meánaoise sa chontae in 2016, arbh é 37.2 a bhí ann.

Tá an daonra ag dul in aois. Tá 7,452 dhuine ann idir 65 agus 74 bliana d'aois, agus 5,506 dhuine os cionn 75 bliana d'aois. Tá 22% (12,958) de na daoine os cionn 65 bliana d'aois. Tá tuairim is 15% den daonra 65 bliana d'aois nó níos sine.

Saoránaigh nach de bhunaidh na hÉireann iad 9% de dhaonra an chontae (líon atá níos lú ná an líon náisiúnta de 12%). Tá dénáisiúntacht ag 1,972 dhuine (2.4% den daonra), ardú ó 1,130 in 2016.

Is Gaeilgeoirí iad 28,231 dhuine. Labhraíonn 586 dhuine an Ghaeilge ar bhonn laethúil agus labhraíonn 1,536 dhuine an Ghaeilge ar bhonn míosúil, líon a léiríonn aon trian den daonra.

Tháinig laghdú go dtí 83% ar an gcéatadán daoine a bhraitheann go bhfuil sláinte mhaith nó an-mhaith acu, thíos ó 86% in 2016. Tá an laghdú sin i gcomhréir le treocht náisiúnta.

Bhí 35,248 nduine (15 bliana d'aois agus níos sine) ag obair in 2022, is é sin ardú 16% idir 2016 agus 2022. Oibríonn 24% den lucht saothair (8,324 dhuine bliana d'aois agus níos sine) ón mbaile ar a laghad lá sa tseachtain.

In 2022, bhí 72% de theaghlaigh ina n-úinéirí ar a n-áit chónaithe, agus bhí 22% in áiteanna cónaithe ar cíos. Ar bhonn náisiúnta, bhí 66% de theaghlaigh ina n-úinéirí ar a n-áit chónaithe agus bhí 28% in áiteanna cónaithe ar cíos.

**An Geilleagar**

De réir Dhaonáireamh, 2022 cónaíonn beagnach 50% (40,903) de dhaonra Uíbh Fhailí sna bailte móra Tulach Mhór (15,598), Biorra (4,726), Éadan Doire (7,888), Clóirtheach (3,403) agus Cúil an tSúdaire (9,288). Mar sin féin, is contae tuaithe den chuid is mó é an contae, agus 79% den daonra tuaithe (33,506 dhuine) ina gcónaí faoin tuath nó i lonnaíochtaí beaga (Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2023 -2028).

In Innéacs Díothaithe Phobal 2022, rangaítear Uíbh Fhailí mar bheagán faoi bhun an mheáin, agus tugtar scór - 3.95 dó (feabhsú ar an scór roimhe sin de -4.58). Mar sin féin, de réir an Phróifíl Shocheacnamaíoch agus Dhéimeagrafach is déanaí ar an gcontae, tá an innéacs "…ag déanamh tearc-léiriú, b'fhéidir, ar an leibhéal díothaithe i gceantair thuaithe". Sainaithnítear 8 gCeantar Beag sa chontae atá faoi mhíbhuntáiste an-mhór agus 54 Cheantar Beag atá faoi mhíbhuntáiste.

Tá an leibhéal dífhostaíochta in Uíbh Fhailí níos airde ná an meánleibhéal náisiúnta fós, ach tá feabhas ag teacht ar na figiúirí sin.

Agus aird ar an méid sin thuas ar fad, is príomhghníomhaíocht sa straitéis seo é oibriú lenár gcomhpháirtithe i ngach ceantar chun cláir uaillmhianacha agus inbhuanaithe a fhorbairt a mbeidh grúpaí atá imeallaithe, díothacha agus a bhfuil sé deacair iad a aimsiú rannpháirteach iontu agus ag fáil tacaíocht uathu. Aithnímid freisin go bhfuil os cionn 33% den daonra faoi 24 bliana d'aois agus oibreoimid lenár gcomhpháirtithe ar fad chun cláir uaillmhianacha agus inbhuanaithe a fhorbairt a mbeidh leanaí agus daoine óga rannpháirteach iontu agus ag fáil tacaíocht uathu. Aithnímid gur Ghaeilgeoirí iad tuairim is 33% den daonra, agus mar sin oibreoimid lenár gcomhpháirtithe ar fad chun na healaíona trí mheán na Gaeilge a fhorbairt agus tacú leo.

## Comhthéacs an Bheartais Áitiúil agus Náisiúnta

**Na Tionscail Ealaíon, Chultúir agus Chruthaitheacha**

Caithfidh an Oifig Ealaíon agus an tÚdarás Áitiúil straitéis agus pleananna a fhorbairt i dtimpeallacht bheartais atá ag éirí níos casta an t-am ar fad. Sa timpeallacht bheartais sin, tá na téarmaí "na tionscail ealaíon, chultúir agus chruthaitheacha" tar éis éirí beagnach inmhalartaithe, agus tá athrú tagtha ar ról na n-ealaíon – ról na hOifige Ealaíon – agus ar an mbonn cirt atá le maoiniú poiblí.

D'fhonn Straitéis Ealaíon a cheapadh a bheidh comhtháite agus saindírithe, ní mór dúinn a bheith soiléir faoin mbrí atá le "na healaíona".

- Is éard atá sna "ealaíona" ná sraith thar a bheith sonrach cleachtas a dhéanann daoine iad (e.g. taibhiú, cumadh, scríobh, péinteáil, etc. mar a leagtar amach san Acht Ealaíon 2003).
- Is éard atá i "gCultúr" ná an bealach a smaoiníonn grúpa daoine, mar a n-iompraíonn siad iad féin agus a gcreideann siad ann.
- Is éard atá sna "Tionscail na Cruthaitheachta" ná cnuasach gnólachtaí arna dtógáil ar úsáid a bhaint as cóipcheart (trí chearta a cheadúnú nó tríd an gcumas rudaí/seirbhísí/eispéiris ina bhfuil úinéireacht ar chóipcheart a chóipeáil agus a dháileadh).

Tá rudaí i gcoiteann ag na trí chatagóir sin agus braitheann siad ar a chéile: léiríonn na healaíona an cultúr, agus uaireanta is féidir gníomhaíochtaí sonracha ealaíon a chur i ngnólacht laistigh de na Tionscail na Cruthaitheachta, ach is tábhachtach é an t-idirdhealú idir na trí chatagóir má tá straitéis le bheith saindírithe agus éifeachtach. Is leis "na hEalaíona" atá saineolas agus freagracht na hOifige Ealaíon.

**An Creat Beartais Nua um Chultúr**

Tá téamaí soiléire sa timpeallacht bheartais agus tugtar achoimre éifeachtach orthu sa doiciméad *Cultúr 2025 - Éire Ildánach: Creatbheartas Náisiúnta Cultúir go dtí an bhliain 2025* ina sloinntear go bhfuil:

> "príomhluachanna áirithe mar bhonntaca le Cultúr 2025:
>
> - Luach intreach an chultúir.
> - An luach a thugann na healaíona, an cultúr agus an oidhreacht dár saol agus dár bpobail.
> - An ceart atá ag gach duine chun bheith rannpháirteach i saol cultúrtha agus cruthaitheach an náisiúin.
> - An luach a thugann an chruthaitheacht d'fholláine an duine agus an phobail.
> - Tábhacht na Gaeilge, ár gcuid oidhreachta cultúrtha, béaloidis, cluichí, ceoil agus uathúlacht ár gceantar Gaeltachta.
> - Luach na héagsúlachta cultúrtha, atá bunaithe ar an iliomad traidisiún agus cúlra sóisialta atá in Éirinn sa lá atá inniu ann.
> - Luach an chultúir mar mhodh chun todhchaí níos inbhuanaithe d'Éirinn a chothú, lena n-áirítear trí bheartas eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta.
> - Luach an chultúir chun Éire a chur i láthair sa domhan."

Is Beartas Náisiúnta *Cultúir* é Cultúr 2025. Aithníonn sé go bhfuil luach intreach ag an gcleachtas ealaíonta, go bhfuil luach aige i dtéarmaí féiniúlacht agus forbairt an duine agus an phobail, go gcuireann sé le beartas eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta, agus go gcuireann sé le taidhleoireacht agus le féiniúlacht bhranda idirnáisiúnta.

Tá na luachanna agus toimhdí atá mar bhonntaca le Cultúr 2025 leabaithe sa timpeallacht bheartais níos leithne.

**Reachtaíocht**

Tháinig an tAcht Ealaíon 2003 in ionad na nAchtanna Ealaíon 1973 agus 1951. Is éard is aidhm leis an acht

> **"forbairt na n-ealaíon agus rannpháirtíocht iontu a chur chun cinn**…go leanfaidh An Comhairle Ealaíon de bheith ann; feidhmeanna áirithe i ndáil leis na healaíona a bhronnadh ar an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta…". (béim curtha againn ar an gcéad chuid, aistriúchán neamhoifigiúil)

An sainmhíniú ar "na hEalaíona" a thugtar san Acht ná

> "aon léiriú cruthaitheach nó léirmhínitheach (idir thraidisiúnta agus comhaimseartha) i bhfoirm ar bith, agus áirítear, go háirithe, na hamharc-ealaíona, amharclannaíocht, litríocht, ceol, damhsa, ceoldrámaíocht, scannánaíocht, sorcas agus ailtireacht, agus aon mheán nuair a úsáidtear é chun na gcríoch sin;" (aistriúchán neamhoifigiúil)

Leis an acht, tugtar sainordú d'údaráis áitiúla

> "pleananna a ullmhú agus a chur i bhfeidhm chun na healaíona a fhorbairt laistigh dá limistéar feidhmeach agus … beartais an Rialtais maidir leis na healaíona a chur san áireamh." (aistriúchán neamhoifigiúil)

Maidir le maoiniú na nEalaíon ag údaráis áitiúla, sloinntear san acht:

> "Féadfaidh Údarás Áitiúil pé cúnamh airgeadais nó eile a mheasann sé a bheith cuí a chur ar fáil do dhaoine nó i ndáil le gníomhaíochtaí, tionscadail nó tograí den sórt sin chun críche—
>
> (*a*) spéis an phobail sna healaíona a spreagadh,
>
> (*b*) eolas agus meas ar na healaíona agus a gcleachtadh a chur chun cinn, nó
>
> (*c*) caighdeáin sna healaíona a fheabhsú," (aistriúchán neamhoifigiúil)

Ní luaitear ealaíontóirí go sonrach san Acht Ealaíon 2003 ná ní dhéantar aon fhoráil dóibh.

**An tAcht Rialtais Áitiúil 2001**

Sloinntear in Alt 66.3 (a) den acht seo

> "féadfaidh Údarás Áitiúil pé bearta, gníomhaíochtaí nó rudaí a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí (lena n-áirítear caiteachas a thabhú) a mheasann sé gur ghá nó gur inmhianaithe chun leasanna an phobail áitiúil a chur chun cinn". (aistriúchán neamhoifigiúil)

Agus sloinntear in Alt 66.4 (f, g) go bhféadfaidh Údarás Áitiúil

> "(f) faoi na téarmaí agus coinníollacha a mheasfaidh sé a bheith cuí, agus faoina réir, cúnamh airgeadais nó comhchineáil a chur ar fáil (lena n-áirítear duaiseanna agus dreasachtaí eile a chur ar fáil) i ndáil le comórtais, seimineáir, léirithe, taispeántais, féilte nó imeachtaí eile a eagrú nó a chur chun cinn, nó imeachtaí den sórt sin a eagrú nó a chur chun cinn,

> (g) faoi na téarmaí agus coinníollacha a mheasfaidh an t-údarás a bheith cuí, agus faoina réir, cúnamh airgeadais nó comhchineáil a chur ar fáil do dhaoine atá rannpháirteach in aon ghníomhaíocht atá chun leas an phobail áitiúil, i dtuairim an údaráis," (aistriúchán neamhoifigiúil)

Tugtar liosta sainráite san acht de "ghníomhaíochtaí ealaíonta, teanga agus cultúrtha" faoi Alt 67.2 (iii) ar gníomhaíochtaí iad atá "riachtanach nó inmhianaithe chun leasanna an phobail áitiúil a chur chun cinn" agus mar sin go bhféadfaidh Údarás Áitiúil "pé bearta, gníomhaíochtaí nó rudaí a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí (lena n-áirítear caiteachas a thabhú) a mheasann sé gur ghá" chun na healaíonta a fhorbairt agus chun tacú leo.

Is é an cuspóir atá leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 ná chun "na hAchtanna Rialtais Áitiúil 1925 go 2013 a leasú". Ní dhéantar aon tagairt do na healaíonta in Acht 2014 agus dá bhrí sin tá Acht 2001 fós éifeachtacha sa chomhthéacs sin.

Leis na hachtanna sin, tugtar an bonn reachtúil chun na beartais, pleananna agus straitéisí ealaíon ar fad san earnáil phoiblí a fhorbairt.

**Beartais Náisiúnta agus Áitiúla**

**Cultúr 2025 - Éire Ildánach: Creatbheartas Náisiúnta Cultúir go dtí an bhliain 2025**

Is é seo ráiteas uileghabhálach an Rialtais maidir le cutúr agus an earnáil chultúrtha. Tá na luachanna atá mar bhonntaca leis an mbeartas leagtha amach sa réamhrá leis an gcuid seo thuas.

Sloinntear sa bheartas

> "Is gné bhunúsach an cultúr de thaithí an duine ar an saol agus de nádúr an duine. Bíonn sé seasmhach agus síorathraitheach, ilghnéitheach agus sainiúil. Ar an ábhar sin, is iomaí sainmhíniú atá ar fáil ar an gcultúr. Sa chiall is ginearálta, is léiriú an cultúr ar gach ní a dhéanann an pobal agus ar iompar an duine. Maidir leis an gcreatbheartas seo, áfach, is cuí sainmhíniú níos mine, cé gur leathanréimseach i gcónaí, ar an gcultúr a úsáid."

Ní thugtar aon sainmhíniú amháin sa bheartas, ach luaitear na hEalaíona, na Tionscail na Cruthaitheachta (fógraíocht agus margaíocht, ailtireacht, ceardaíocht, dearthóireacht, faisean, scannánaíocht, teilifís, físeáin, raidió agus grianghrafadóireacht, TF, bogearraí agus seirbhísí

ríomhaireachta, foilsitheoireacht, iarsmalanna, dánlanna agus leabharlanna, ceol, ealaín taibhréime agus amharcealaíona, go sonrach) agus Oidhreacht Chultúrtha mar ghnéithe den Chultúr.

Tá an beartas bunaithe ar thrí phrionsabal,

- Luach an chultúir agus na cruthaitheachta don duine aonair agus don phobal a shainaithint
- Tacú le cleachtas cruthaitheach agus rannpháirtíocht sa chultúr
- Ardmheas a léiriú ar ár n-oidhreacht chultúir

Is tábhachtach a chuimhneamh nach beartas le haghaidh na nEalaíon é Cultúr 2025. Is beartas é le haghaidh raon leathan gníomhaíochtaí cultúir agus sainaithnítear ann bealaí ina bhféadfaidh ealaíontóirí agus gníomhaíocht ealaíon *tacú leis* na gníomhaíochtaí níos leithne sin.

**An Clár Éire Ildánach**

Is oifig thionscadail laistigh den Roinn é Éire Ildánach, atá freagrach as an mBeartas Náisiúnta Cultúir a bhaint amach. Is clár cultúir agus folláine an Rialtais uile é a spreagann agus a athraíonn daoine, áiteanna agus pobail tríd an gcruthaitheacht.
Cuid lárnach d'éiteas Éire Ildánach í an fhís gur cheart go mbeadh an deis ag gach duine in Éirinn a lánacmhainneacht chruthaitheach a bhaint amach. Tacaítear leis an bhfís sin i ngach contae trí Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta arna cur i bhfeidhm ag gach Údarás Áitiúil, faoi na cúig phríomhcholún de Chlár Éire Ildánach:

- Acmhainneacht Chruthaitheach gach Linbh a Chumasú
- An Chruthaitheacht a Chumasú i nGach Pobal
- Infheistiú inár mBonneagar Cruthaitheach agus Cultúir
- Éire ina hIonad Barr Feabhais sa Léiriú Closamhairc
- Ár gClú ar fud an Domhain a Aontú.

Is tionscnamh faoi stiúir na nÚdarás Áitiúil é Pobail Chruthaitheacha a thosaíonn agus a thacaíonn le comhshaothair chruthaitheacha agus tionscadail trasearnála áitiúla sna healaíona, san oidhreacht, sa stair áitiúil, STEAM, agus i dtionscail na cruthaitheachta.

Ag tógáil ar a tuarascáil 'Rannpháirtíocht an Phobail maidir leis an Athrú Aeráide – Ról Earnálacha an Chultúir agus na Cruthaitheachta', sheol Éire Ildánach ciste um Ghníomh Cruthaitheach don Aeráid, a fhéachann le daoine a nascadh ar bhealach fóinteach leis na athruithe troma comhshaoil, sochaí agus geilleagair a thagann chun cinn ón athrú aeráide.

**Infheistiú sa Chultúr, sa Teanga agus san Oidhreacht 2018 - 2027**

Déantar tagairt dó sin i gCultúr 2025 mar cheann den iliomad pleananna forfheidhmiúcháin don Chultúr. Leagtar amach ann pleananna an Rialtais don infheistíocht ar bhonn céimnithe amach go dtí an bhliain 2027. Áirítear leis na tosaíochtaí infheistíochta atá ábhartha don straitéis seo:

- Infheistíocht sa bhonneagar áitiúil ealaíon agus cultúir ar fud na tíre (€40m),
- Infheistíocht sa tionscal léirithe meán agus closamhairc, (€200m),
- Infheistíocht i bpáirceanna náisiúnta agus i gceantair chaomhnaithe (€50m),

Aithnítear in *Infheistíocht sa Chultúr, sa Teanga agus san Oidhreacht 2018-2027* gur féidir leis na healaíona agus leis an gcultúr rannchuidiú le bonneagar sóisialta láidir agus gur chuid ríthábhachtach iad d'fholláine an duine.

***Life Worth Living 2020* – Tuarascáil Thascfhórsa Téarnaimh na nEalaíon agus an Chultúir**

.

Scríobhadh an tuarascáil seo mar fhreagairt ar an tionchar suntasach eacnamaíoch a bhí ag paindéim COVID 19 ar an earnáil ealaíon níos leithne inar tharla an cor chun donais eacnamaíoch ba mhó.

Agus aitheantas á thabhairt don tionchar ar shlí bheatha ealaíontóirí, déantar moltaí in *Life Worth Living 2020* maidir le hioncam, bearta cánachais agus forálacha airgid, tacaíochtaí oideachais agus oiliúna, tacaíochtaí teicneolaíochta, tacaíochtaí meabhairshláinte, bearta um chosaint shóisialta, agus bearta um chóipcheart.

Déantar cás sa tuarascáil go bhfuil caighdeán na beatha i "mbailte agus sráidbhailte réigiúnacha" ríthábhachtach agus cianobair ag éirí níos coitianta, agus go bhfuil ról lárnach ag an gcaighdeán beatha sin chun geilleagar réigiúnach cothromaithe a bhaint amach mar a shamhlaítear sa Phlean Geilleagrach Náisiúnta.

I gcomhréir leis na toimhdí atá mar bhonntaca le Cultúr 2025, déantar an cás sa tuarascáil go bhfuil na healaíona agus ealaíontóirí ríthábhachtach chun an caighdeán beatha sin a fhorbairt.

**Tionscadal Éireann 2040**

Bunaítear ordlathas lonnaíochtaí agus bonneagar gaolmhar le haghaidh cathracha, bailte, sráidbhailte agus lonnaíochtaí beaga sa Chreat Náisiúnta Pleanála. Sloinntear ann gur cheart go mbeadh lárionad ealaíon agus cultúir i mbailte ina bhfuil daonra níos mó ná 10,000 duine, agus gur cheart go mbeadh ionad pobail, saoráid spóirt agus seirbhísí leasa i mbailte ina bhfuil daonra níos lú ná 10,000 duine.

**Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann - Beartas Forbartha Tuaithe 2021 – 2025**

Aithnítear i dTodhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann go bhfuil ról lárnach ag an gcultúr, an oidhreacht agus tionscail na cruthaitheachta chun soláthar cheantair thuaithe na hÉireann do dhaoine óga, do shláinte agus folláine an phobail, don turasóireacht agus don fhorbairt gheilleagrach a threisiú.

Ceann de na príomhrudaí le baint amach trí *Thodhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann* is ea "Infheistíocht a chur ar fáil do spásanna ilchuspóireacha sa phobal (e.g. ionaid phobail, leabharlanna agus cumainn spóirt) do réimse gníomhaíochtaí, lena n-áirítear soláthar fóillíochta, pobail, cultúir agus seirbhísí".

Tugtar faoi deara sa bheartas go bhfuil "easpa éagsúlachta sna gníomhaíochtaí atá ar fáil do dhaoine óga i gceantair thuaithe lasmuigh de spóirt."
Aithnítear sa bheartas an tábhacht a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga i bpobail thuaithe "d'fhonn rannpháirtíocht ghníomhach uathu a spreagadh i ndáil le saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar a saol laethúil, a n-acmhainní ceannasaíochta a fhorbairt".

Aithnítear i *dTodhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann* go gcuirtear go gníomhach le rannpháirtíocht, saoránacht ghníomhach agus cumais cheannasaíochta trí pháirt a ghlacadh sna healaíona.

Tugtar faoi deara freisin sa bheartas an dlúthchaidreamh idir na healaíona agus an líon turasóirí, agus sloinntear go bhfuil ról suntasach ag Tionscail na Cruthaitheachta i gcoitinne maidir le cruthú post, go sonrach trí chultúr agus oidhreacht, na healaíona taibhréime, teilifís, físeán agus scannáin, forbairt bogearraí agus cluichí ríomhaireachta, amharcealaíona , dearthóireacht, ceardaíocht agus ailtireacht, agus go bhfuil acmhainneacht mhór ag earnáil Thionscail na Cruthaitheachta chun fáis agus chun fostaíocht ardchaighdeáin a chur ar fáil i gceantair thuaithe.

**Ár Leabharlanna Poiblí 2022**

Is í an uaillmhian in 'Ár Leabharlanna Poiblí 2022' ná an leabharlann a chur i gcroílár an phobail, chun treoraíocht agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine thar raon réimsí, lena n-áirítear léitheoireacht agus litearthacht, foghlaim ar feadh an tsaoil do dhaoine de gach aois, gnó agus fostaíocht, agus sláinte agus folláine.

Tá trí chlár straitéiseacha ann:

- léitheoireacht agus litearthacht,
- foghlaim agus faisnéis, agus
- pobal agus cultúr.

Leagtar béim mhór ar litearthacht dhigiteach sa bheartas freisin.

**An Chomhairle Ealaíon – Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh**

Is straitéis deich mbliana é Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh (2015) atá sa bhliain dheireanach anois. An fhís atá aici ná:

- Tugtar aitheantas do luach na n-ealaíon mar chuid lárnach den saol, mar shaintréith den fhéiniúlacht áitiúil agus náisiúnta, agus mar chomhartha inaitheanta dár gcruthaitheacht mar mhuintir na hÉireann.
- Déantar na healaíona a chleachtadh agus baintear sult astu go forleathan inár bpobail, spásanna poiblí (réadúla agus fíorúla) agus in ionaid agus lárionaid thiomnaithe ar fud na tíre.
- Ealaíontóirí agus cleachtóirí a thugann a dtallann agus a dtiomantas as cuimse orthu oibriú ar bhonn gairmiúil sna healaíona, féadfaidh siad gairm bheatha tháirgiúil agus luachmhar a bheith acu.
- Polaiteoirí, lucht déanta cinntí agus oifigigh i raon leathan ranna agus gníomhaireachtaí, idir áitiúla agus náisiúnta, aithníonn siad an luach ar leith atá ag na healaíona don tsochaí agus déanann siad soláthar dóibh dá réir, agus
- Tugtar acmhainní leordhóthanacha don Chomhairle Ealaíon, mar an ngníomhaireacht náisiúnta forbartha do na healaíona, chun aghaidh a thabhairt ar a sainchúram iomlán.

Tá cúig réimse tosaíochta sa straitéis: An tEalaíontóir; Rannpháirtíocht an Phobail; Straitéis Infheistíochta, Pleanáil Spásúil agus Dhéimeagrafach, agus Cumas a Fhorbairt.

Is éard is aidhm léi "Luach a bheith ar ealaíontóirí atá ag oibriú i raon leathan comhthéacsanna agus tacú leo mar léiriú ar an raon cleachtas agus an éagsúlacht suíomhanna ina ndéanann ealaíontóirí saothar agus ina mbíonn caidreamh acu leis an bpobal".

Aidhm eile atá leis an straitéis is ea "deiseanna a chruthú chun rannpháirtíocht sna healaíona a mhéadú i measc pobail ar leith" agus infheistiú in "ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon a chuireann sármhaitheas ealaíne agus rannpháirtíocht an phobail d'ardchaighdeán ar fáil".

Tugann an Straitéis Infheistíochta freagairt do cháilíocht, forbairt foirmeacha ealaíne, agus rannpháirtíocht an phobail, ag díriú ar ghníomhaíocht ealaíonta agus ag tacú le saothar uaillmhianach, bunaidh agus trialach.

Faoi Phleanáil Spásúil agus Dhéimeagrafach, leagtar béim sa straitéis ar inbhuanaitheacht infheistíochta a dhéantar mar "…a mholadh go rannchuideoidh cistí caipitil ón rialtas leis an mbonneagar tógtha atá ann cheana féin a choinneáil ar bun agus a oibriú, agus ar an gcaoi sin ár n-infheistíocht reatha a dhíriú ar ghníomhaíocht ealaíonta". (aistriúchán neamhoifigiúil)

**Plean Forbartha Contae Uíbh Fhailí 2021-2027**

Sa Phlean Forbartha Contae, aithnítear na healaíona mar chuid lárnach den uilechuimsitheacht shóisialta, agus sloinntear go rannchuidíonn na healaíona agus saoráidí cultúir go mór le geilleagar an chontae trí phoist a chruthú agus cuairteoirí agus infheistíocht a mhealladh, chomh maith le cur le cúrsaí ealaíne, sóisialta agus caighdeán beatha ginearálta na bpobal.

Leagtar amach roinnt beartas ábhartha forbartha sa phlean, lena n-áirítear:

- Cúnamh a thabhairt, nuair is indéanta, le saoráidí agus taitneamhachtaí sóisialta, pobail agus cultúir sa chontae, agus iad a leathnú amach.
- Clár Éire Ildánach 2017-22, Straitéis na Comhairle maidir leis na hEalaíona 2018-2022 agus Straitéis Chultúir agus Chruthaitheach Uíbh Fhailí 2018-2021 a chur i bhfeidhm.
- An leas is mó is féidir a bhaint as Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon le haghaidh Uíbh Fhailí i ndáil lena mhórthionscadail chaipitil a chuireann deiseanna ar fáil d'ealaíontóirí i ngach disciplín chun saothar a chruthú don ríocht phoiblí.

Luaitear Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí go sonrach sa Phlean agus sloinntear "Tá forbairt Pháirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí in Uíbh Fhailí, a vótáladh mar 'An Áit is Ansa le Muintir na hÉireann' i gcomórtas náisiúnta a reáchtáil Royal Town Planning Institute in 2018, ina sampla d'iarúsáid oiriúnach lagphortaigh, a chuireann gnáthóga tábhachtacha ar fáil do raon leathan ainmhithe, éan agus plandaí chomh maith le saoráidí fóillíochta ar nós Páirc Dhealbhóireachta, ionad cuairteoirí, limistéar iascaireachta, saoráidí éanbhreathnaithe, agus bealaí siúil agus rothaíochta".

**Straitéis Forbartha Eacnamaíochta agus Plean Gníomhaíochta Uíbh Fhailí 2022 -2027**

Tá an plean seo bunaithe ar an téama lárnach; Éirí chun Uaillmhian Ghlan-nialasach na hÉireann a chumhachtú. Léirítear sa phlean an chaoi a bhféadfaidh Uíbh Fhailí, ann féin agus ag oibriú le daoine eile, an uaillmhian agus díograis a ghabhann léi a thaispeáint chun éirí agus poist cheannasaíochta náisiúnta nua a chruthú sna hearnálacha éagsúla ar láidreachtaí oidhreachta iad sa chontae.

Tá sé réimse fócais sa phlean, lena n-áirítear Éiceathurasóireacht agus na hEalaíona Cruthaitheacha. Tá taighde a rinneadh le déanaí mar bhonn eolas don réimse fócais sin, taighde a thug le tuiscint go gcaitear 70% de chaiteachas ardluacha turasóirí ar eispéiris, lena n-áirítear spórt, fóillíocht, na healaíona, ceardaíocht agus maireachtáil fholláin. Sloinntear sa phlean nach mór d'Uíbh Fhailí é féin a athshuí san earnáil seo, agus éispéiris agus deiseanna spóirt a chur ar fáil do na turasóirí sin a chaithfidh níos mó airgid.

**Straitéis Chultúir agus Chruthaitheach Uíbh Fhailí 2023 – 2027**

Tá an straitéis seo ailínithe le clár Éire Ildánach agus sloinntear inti

> "Tá foireann Chultúir agus Chruthaitheachta Éireann i gComhairle Chontae Uíbh Fhailí tiomanta clár cultúir agus cruthaitheachta freagrúil agus uilechuimsitheach a sholáthar mar a fís do Chontae Uíbh Fhailí. Táimid tiomanta don fhís gur cheart go mbeadh an deis agus an tacaíocht ag gach duine in Uíbh Fhailí chun a lánacmhainneacht chruthaitheach a bhaint amach."

Dírítear sa straitéis seo ar inbhuanaitheacht, gníomhartha dearfacha ar son na haeráide agus na bithéagsúlachta, agus pobail nua agus iad sin atá eisiata go sóisialta a chuimsiú.

Sainaithnítear inti, maidir le gníomhaíochtaí a chothaíonn an geilleagar cultúir, a thacaíonn le comhtháthú sóisialta agus a bhaineann tairbhe as an gcruthaitheacht chun scileanna nua, nuálaíocht agus eispéiris a chruthú, gur ghá iad a spreagadh agus a éascú, agus sloinntear go mbeidh fiosrú

leathan ar ár ‘mbraistint áite’ agus ar cad atá sainiúil faoi Uíbh Fhailí ina phríomhfhócas dár rannpháirtíocht i *bPobail Chruthaitheacha*.

Tá cúig thosaíocht straitéiseacha sa straitéis agus dearadh iad le tionchar fadtéarmach a imirt a threiseoidh folláine agus tacaíocht chomhtháite an phobail, fad a chumasófar an chruthaitheacht, aitheantas don chultúr agus meas ar an áit.

Is iad seo a leanas na tosaíochtaí:

- Pobail a Chumasú agus a Chumhachtú
- Cumas a Fhorbairt
- Ealaín, Eolaíocht agus Tionscal
- Aeráid agus Bithéagsúlacht
- Braistint Áite

Is é is aidhm leis an straitéis fóram comhchoiteann a chur ar fáil don uaillmhian maidir le cultúr agus cruthaitheacht; díriú ar éagsúlacht agus uilechuimsitheacht, agus a chur ar a gcumas do na pobail a bhfuil sé deacair iad a aimsiú páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cultúir agus chruthaitheacha; tógáil ar shaineolas inmheánach agus ar straitéisí sna réimsí folláine, comhtháthú sóisialta agus forbairt eacnamaíoch; athrú ar an gcaoi a dtugtar luach don earnáil chultúir agus chruthaitheach laistigh d’údaráis áitiúla agus eatarthu a chumasú, agus a chinntiú go leabaítear cultúr agus cruthaitheacht i bpleananna, beartais agus foirne tionscadal na nÚdarás Áitiúil; gníomhartha tras-chomhoibríocha a thacaíonn le hathrú agus le torthaí dearfacha ar bhonn áitiúil agus idir údaráis áitiúla ar bhonn réigiúnach, b’fhéidir, a bhrú chun cinn; agus a bheith nuálach agus tabhair faoi rioscaí.

**Pobail Chomhoibríocha a Chruthú – Plean Forbartha Eatramhach Leabharlanna Uíbh Fhailí 2022-2023**

Is caidreamh ríthábhachtach é an caidreamh le Leabharlanna, go háirithe maidir leis an bhforbairt atá beartaithe don Spás Ealaíon agus Stiúideonna i Leabharlann Éadan Doire.

Sloinntear sa phlean forbartha eatramhach go dtabharfaidh na Leabharlanna tacaíocht do mhuintir Uíbh Fhailí agus iad ar thóir an eolais, an chultúir, na hinspioráide agus na fóillíochta, agus go soláthróidh siad rochtain shaor in aisce agus chothrom ar fhaisnéis, acmhainní, oideachas, cruthaitheacht agus cultúr ardchaighdeáin.

Tá roinnt mhaith pointí rannpháirtíochta sa phlean seo, agus sloinntear go sonrach gur ghníomh straitéiseach é oibriú i gcomhar le hOifig Ealaíon Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí agus le Grúpa Stiúrtha Éadan Doire Cruthaitheach chun cláir chultúrtha agus fhóinteacha ealaíon a cheapadh don phobal amach anseo agus le bheith mar bhonn eolais dóibh.

**Achoimre ar an Timpeallacht Bheartais**

Go hachomair, is saintréithe de na healaíonta é go bhfuil cuid mhaith luachanna éagsúla acu, lena n-áirítear:

- Rannchuidiú le sláinte, folláine agus forbairt phearsanta
- Scileanna cruthaitheacha níos leithne a chothú a bhfuil luach díreach eacnamaíoch acu sa tionscal agus san fhostaíocht
- Pobail a threisiú trí bhraistint áite a chruthú trí léiriú ar fhéiniúlacht áitiúil
- Rannchuidiú le forbairt eacnamaíoch áitiúil, turasóireacht, margaíocht agus brandáil trí fhéilte, eispéiris chruthaitheacha ardchaighdeáin agus an bheocht a ghabhann le háiteanna cruthaitheacha
- Tacú le pobail faoi mhíchumas agus iad a mbíonn sé deacair iad a aimsiú trí mheas a léiriú ar chearta an duine agus ar chearta cultúir agus éisteacht le guthanna daoine imeallaithe.

Tá na luachanna sin comhtháite i leagan amach deiridh na Straitéise Ealaíon seo.

## Taighde atá Ann Cheana Féin

*Straitéis Bonneagair Ealaíon Uíbh Fhailí 2023-2028*, *The Future of Film in Offaly – A Review of Offaly Film* (2023), *The Makings: Fostering Youth Creativity* (2020), chomh maith leis na tuarascálacha a foilsíodh faoin scéim Cuireadh chun Comhoibriú, is é sin *Art in the Landscape* (2020) agus *Mapping Arts and Health Across the Midlands* (2021), agus roinnt tuarascálacha neamhspleácha lena n-áirítear *Seeing The Beyond* (2020), *Local Film Needs Analysis* (2020) agus *Review and Assessment of the current promotional resources of Film Uíbh Fhailí (2019).*

Ceapadh na tuarascálacha sin uile ar bhonn comhairliúcháin fhairsing agus shaindírithe le grúpaí sonracha, agus bhí na comhairliúcháin sin agus na moltaí iontu mar bhonn eolais don straitéis seo.

## Conas a dTugtar Acmhainní do na hEalaíona in Uíbh Fhailí

Tá triúir ag obair san Oifig Ealaíon faoi láthair, Oifigeach Ealaíon, Oifigeach Ealaíon Cúnta agus Riarthóir.

Tá an Oifig Ealaíon sa Rannóg Phobail agus Chultúir agus tuairiscíonn sí don Choiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Pobal, Cultúr agus Seirbhísí Éigeandála.

In 2023, bhí an Buiséad don Chlár Ealaíon 1.2% de bhuiséad iomlán an Údaráis Áitiúil, nó €10.68 per capita. Is é €17.96 per capita an meánmhéid náisiúnta, airmheán de €14.03, agus 1.52% ar an meán de chaiteachas iomlán an Údaráis Áitiúil. (Airgeadas Rialtais Áitiúil, NUIG, 2023). Léiríonn na figiúirí sin mar a bhí cúrsaí tráth áirithe agus ní léiríonn siad na harduithe ollmhóra ar infheistíocht atá déanta ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí le blianta beaga anuas.

Bhain maoiniú daoine aonair agus eagraíochtaí in Uíbh Fhailí ón gComhairle Ealaíon buaicphointe €215,494 amach in 2020 agus laghdaíodh an méid sin go dtí €118,600 in 2021, ba é sin tuairim is €1.42 per capita. (Cé atá maoinithe againn, An Chomhairle Ealaíon, 2023).

Tháinig méadú ar mhaoiniú ón gComhairle Ealaíon go díreach do Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí ó €49,000 (2019) go dtí €96,000 (2023). Áirítear ar mhaoiniú breise ón gComhairle Ealaíon, maoiniú €118,500 faoi *Cuireadh chun Comhoibriú* (tionscadal trí bliana), maoiniú €90,000 faoi *Faoin Spéir*, agus maoiniú tuairim is €500,000 thar 3 bliana faoi *Áiteanna Cruthaitheacha* (a infheistíodh sa chontae). Thug an Chomhairle Ealaíon cómhaoiniú do phost san Oifig Ealaíon freisin tríd an Scéim Tacaíochta Speisialtóirí.

Tríd is tríd, is ag dul i méid atá infheistíocht sna healaíona in Uíbh Fhailí.

Taifeadadh i ndaonáireamh 2016[1] go raibh níos lú ná 100 duine ag obair sna healaíona sa chontae (Ealaíontóirí; Léiritheoirí agus Stiúrthóirí; Aisteoirí, Siamsóirí agus Láithreoirí, Údair, Scríbhneoirí,

[1] Ní raibh figiúirí 2022 do na catagóirí sin le fáil tráth na scríbhneoireachta

agus Aistritheoirí). Dealraítear go bhfuil sé sin míchruinn, bunaithe ar an líon iarratas a fuair an Oifig Ealaíon. Is dócha go bhfuil ealaíontóirí á dtuairisciú fáin – ar chúiseanna éagsúla – faoi ghairmeacha beatha eile. Tugann sé sin le tuiscint go bhfuil formhór na n-ealaíontóirí sa chontae ag brath ar obair eile dá bpríomh-ioncam. Dá bharr sin, is dócha go ndéanann siad a gcleachtas ealaíonta ar bhonn deonach, réamhghairmiúil agus gairmiúil, agus go bhfuil sé thar a bheith dúshlánach beatha a shaothrú san earnáil.

Ní thugann na figiúirí sin léiriú ar chainníocht ná ar cháilíocht na hoibre a dhéanann ealaíontóirí gairmiúla, eagraíochtaí agus oibrithe deonacha, agus ní áirítear orthu an obair gan phá a dhéanann daoine a oibríonn san earnáil ealaíon níos leithne in Uíbh Fhailí.

Tá na figiúirí thuasluaite ar fad i gcomhréir leis na Laigí agus Bagairtí san anailís ar Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna agus Bagairtí (SWOT) a rinneadh don phlean ealaíon roimhe seo, is iad sin:

- Easpa tacaíochtaí, deontas airgeadais agus deiseanna oibre d'ealaíontóirí aonair chun beatha a shaothrú
- Maoiniú agus acmhainní neamhleor á sannadh do phríomhionaid, eagraíochtaí agus grúpaí ealaíon vis à vis leithdháiltí comparáideacha sna contaetha in aice láimhe

Agus

- Bíonn laghdú ar leibhéal maoinithe ina bhagairt d'fhorbairt na n-ealaíon i ngach foirme ealaíne i gcónaí[2]

Is tábhachtach a aithint gur dhúshláin chórasacha agus dhomhanda iad na dúshláin eacnamaíocha atá roimh ealaíontóirí aonair. Ní fhéadfaidh an Oifig Ealaíon ná an tÚdarás Áitiúil iad a réiteach. Reáchtáladh tionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta, ach tá tionchar teoranta acu faoi láthair (Bunioncam le haghaidh Ealaíontóirí).

Ní féidir neamhaird a thabhairt ar fhírinní eacnamaíocha sa chontae ach oiread. Tá acmhainneacht an Údaráis Áitiúil – i dtéarmaí acmhainní daonna agus airgeadais – teoranta agus faoi bhrú. Dá bhrí sin, ó thaobh na straitéise de, tá comhoibriú idir páirtithe leasmhara riachtanach d'inbhuanaitheacht agus tionchar na n-ealaíon.

---

[2] Ní mór a thabhairt ar aird, cé go bhféadfadh méadú ainmniúil teacht ar mhaoiniú go bhféadfadh laghdú teacht ar an luach ó thaobh na cumhachta ceannaigh de.

**Achoimre**

Is léir gurb iad seo na príomhghníomhaíochtaí nach mór a bheith sa straitéis seo:

- Comhpháirtíochtaí a bheidh in ann maoiniú breise a chur isteach san earnáil a thógáil i sláinte, in oideachas, i ngnó agus i dturasóireacht, agus
- Luach ealaíontóirí agus na hearnála ealaíon a chur san áireamh sa Chlár um Aistriú Cóir.

## Ról atá ag Athrú

Tá athrú tagtha ar ról na hOifige Ealaíon ón tráth a ceapadh an chéad Oifigeach Ealaíon. Tá an t-athrú sin le brath i ngach contae agus i ngach Oifig Ealaíon sa tír.

Le scór bliain anuas tá athruithe móra tagtha ar an earnáil ealaíon níos leithne, ó thaobh bonneagair, maoinithe agus beartais de. Tá níos mó Ionad Ealaíon Ildisciplíneach ann agus tá méadú go dtí leibhéal nach bhfacthas riamh cheana tagtha ar mhaoiniú náisiúnta (cé go bhfuil sé fós faoi bhun an mheáin sa Aontas Eorpach) ón gComhairle Ealaíon agus ó Screen Ireland; tá Beartas Náisiúnta Cultúir ann agus tá Éire Ildánach freagrach as an gcruthaitheacht a chur i gcroílár an rialtais agus gach pobail; tá an plé faoi bheartas ag díriú anois ar chreat do Thionscail na Cruthaitheachta, agus pléitear na healaíonta ar leibhéal beartais mar rannchuidiú riachtanach leis an mbrandáil áitiúil agus náisiúnta, le hInfheistíocht Dhíreach Eachtrach, le Taidhleoireacht Chultúir, le Turasóireacht, le forbairt na cruthaitheachta agus le nuálaíocht a bhrú chun cinn, le comhfhorbairt áiteanna cruthaitheacha, le huilechuimsitheacht agus comhionannas, le folláine, etc.

Laistigh den timpeallacht athraithe sin, d'aistrigh an Oifig Ealaíon go héifeachtach ó fheidhm tháirgthe agus seachadta go dtí feidhm straitéiseach. Ní mór don Oifig Ealaíon pleanáil a dhéanamh i dtimpeallacht chasta bheartais. Ní mór di leanúint ar aghaidh ag tacú leis an ról suntasach atá ag ealaíontóirí chun feabhas a chur ar fholláine agus ar an ríocht phoiblí. Ní mór di caidrimh agus comhpháirtíochtaí a bhainistiú laistigh den Údarás Áitiúil, ag obair i gcomhar leis an bhFoireann Chultúir, agus go háirithe le Fiontar, Turasóireacht, Leabharlanna, Oidhreacht, Pleanáil agus Ailtireacht.

Tá an caidreamh inmheánach le pleanáil ríthábhachtach chun maoiniú faoi Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon a fháil agus beidh ball foirne breise de dhíth ón Oifig Ealaíon chun tionscadail faoi Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon a bhainistiú agus a sheachadadh.

Tá comhoibriú straitéiseach lasmuigh den Údarás Áitiúil de dhíth freisin. Ní mór don Oifig Ealaíon caidrimh a chruthú agus a bhainistiú le líon páirtithe leasmhara atá ag méadú, lena n-áirítear ealaíontóirí, ionaid ealaíon, féilte, grúpaí pobail, gníomhaireachtaí áitiúla agus náisiúnta, Seirbhísí don Óige, Seirbhísí Sláinte, an pobal gnó, forais oideachais agus tuilleadh. Ní mór di comhpháirtíochtaí a éascú, líonraí a fhorbairt agus cumas a fhorbairt laistigh den líonra casta caidreamh sin. Ní mór di foinsí breise maoinithe a shainaithint agus iarratas a dhéanamh orthu, agus ní mór di a bheith feasach faoi bhearnaí sa soláthar agus, nuair is gá, tionscadail chomhoibríocha a chur ar bun agus a fhorbairt, mar fhreagairt do na riachtanais sin, agus tacú leo.

Tá an cur chuige straitéiseach agus comhoibríoch sin riachtanach chun an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainní, cumas a fhorbairt agus oibriú leis an iliomad pobal éagsúil ar fud na hearnála ealaíon in Uíbh Fhailí.

## Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

1. **Pobalbhreith**

Rinneadh suirbhé gan ainm ar líne trí Survey Monkey agus scaip an Oifig Ealaíon leaganacha Béarla agus Gaeilge de ar a cainéil ar fad, lena n-áirítear ríomhphost agus na meáin shóisialta, trína heagraíochtaí comhpháirtíochta agus trí na seirbhísí leabharlainne. Bhí 65 freagróirí ar an suirbhé, is é sin 0.07% den daonra. Is gnáthráta freagartha é sin. D'fhéach ar suirbhé le tuiscint a fháil ar thuairimí na ndaoine ar na healaíona in Uíbh Fhailí: an méid a thaitin leo, an méid a mheas siad is gá a fheabhsú, agus na tosaíochtaí a bhí acu don todhchaí.

2. **Aighneachtaí i scríbhinn**

D'fhógair an Oifig Ealaíon glao oscailte ar aighneachtaí i scríbhinn ar a cainéil ar fad, lena n-áirítear ríomhphost agus na meáin shóisialta, trína heagraíochtaí comhpháirtíochta agus trí na seirbhísí leabharlainne. Fuarthas sé aighneacht i scríbhinn a dhírigh ar thionscadail shonracha.

3. **Cruinniú Comhchéime ar líne le príomhchomhaltaí sinsearacha de Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí.**

Roinneadh spriocanna, cuspóirí agus torthaí na rannóg ar fad ag an gcruinniú comhchéime, chomh maith leis an gcuma a d'fhéadfadh a bheith ar chomhoibriú éifeachtach (féach Aguisín I chun liosta iomlán rannpháirtithe a fháil).

4. **Agallaimh leathstruchtúrtha**

Agallaimh dhoimhne le páirtithe leasmhara inmheánach agus seachtracha ab ea iad sin. (féach Aguisín I chun liosta iomlán agallaithe a fháil).

5. **Cruinnithe Poiblí**

Tionóladh cúig chruinniú in Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra, Esker Arts, agus Leabharlann Éadan Doire. Rinne an Oifig Ealaíon na himeachtaí poiblí sin a chur chun cinn sna meáin áitiúla, trí líonra na Leabharlann, an Líonra Rannpháirtíochta Pobail, na meáin shóisialta agus ríomhphost.

Reáchtáladh ceardlann bhreise le Funhouse Youth Theatre i dTulach Mhór chun eispéiris agus uaillmhianta na ndaoine óg sa chontae a fháil amach.

Leagadh na ceardlanna amach agus úsáid á baint as samhail an World Café lena chinntiú go gcloisfí gach guth sa seomra. Chun comhsheasmhacht a chinntiú, úsáideadh na dúshláin boird chéanna agus na ceisteanna céanna ag gach ceardlann.

Pléadh na smaointe agus léargais ag deireadh gach seisiúin agus bailíodh iad chun anailís théamach a dhéanamh orthu.

Reáchtáladh ceardlann bhreise ag Esker Arts inar díríodh ar dhaoine aonair agus ar eagraíochtaí a oibríonn i bhFéilte sa chontae chun na deiseanna agus ábhair imní atá ag teacht chun cinn a phlé.

Rinneadh na smaointe, léargais agus ábhair imní uile a bailíodh trí na hidirghníomhaíochtaí sin a chur le chéile agus a thras-scríobh. Rinneadh anailís orthu trí mheascán de dhíospóireacht, tuairimí a thabhairt, agus anailís théamach.

# SAINMHÍNIÚ

Roinneadh agus pléadh na smaointe agus na téamaí a sainaithníodh sa chéim fionnachtana i gceardlann éascaithe leis an Oifig Ealaíon.

Bunaithe ar na sonraí a bailíodh sa chéim fionnachtana, agus aird ar na láidreachtaí agus sócmhainní atá san earnáil ealaíon faoi láthair, agus i gcomhairliúchán leis an Oifig Ealaíon, ceapadh "ceist straitéiseach" is í sin:

> "Cén chaoi a bhféadfadh an Oifig Ealaíon í féin a shuíomh chun a chinntiú go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as acmhainneacht, cumais agus acmhainní, agus chun an freagairt is fearr is féidir a thabhairt do riachtanais ealaíontóirí, eagraíochta ealaíon agus leasanna pobail sa chontae?"

# FORBAIRT

Dearadh an straitéis i gceardlann éascaithe leis an Oifig Ealaíon.

Baineadh úsáid as roinnt teicnící agus uirlisí, lena n-áirítear Anailís ar Bhearnaí, anailís SWOT (Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna agus Bagairtí) agus anailís SOAR (Láidreachtaí, Deiseanna, Ardaidhmeanna agus Torthaí).

Fís, Misean, Luachanna agus Spriocanna Tosaíochta ab ea an creat straitéiseach .

## Anailís ar Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna agus Bagairtí (SWOT)

Is uirlis ghnó go príomha é Anailís ar Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna agus Bagairtí. An cuspóir atá leis ná láidreachtaí agus laigí laistigh d'eagraíocht a shainaithint ionas gur féidir na láidreachtaí a threisiú agus na laigí a laghdú, agus chun na deiseanna agus bagairtí atá ann lasmuigh den eagraíocht

a shainaithint, ionas gur féidir leas a bhaint as na deiseanna agus cosaint a thabhairt in aghaidh na mbagairtí.

Rinneadh Anailís chuimsitheach ar Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna agus Bagairtí sa phlean ealaíon roimhe seo agus bhaineamar úsáid aisti mar thúsphointe dár gcuid anailíse anseo. Bhogamar an anailís SWOT bhunaidh go dtí an dara céim den anailís trí na ceisteanna a leanas a chur:

- Cén chaoi a bhféadfaimis ár láidreachtaí a fhorbairt?
- Cén chaoi a bhféadfaimis leas a bhaint as na deiseanna a sainaithníodh?
- Cén chaoi a bhféadfaimis cosaint a thabhairt in aghaidh na mbagairtí?
- Cén chaoi a bhféadfaimis ár laigí a atreisiú?

| **Láidreacht** | **Cén chaoi a bhféadfaimis ár láidreachtaí a fhorbairt?** |
|---|---|
| Líon suntasach ealaíontóirí ag cleachtadh, go háirithe sna hamharcealaíona, scannánaíocht agus na healaíona taibhréime. | Oibriú chun méadú a chur ar thacaíochtaí ón Oifig Ealaíon agus ó fhoinsí eile;<br>Tacú le forbairt líonraí faoi stiúir na hearnála. |
| FilmOffaly agus an bhuíon mhór thallainne atá lonnaithe go háitiúil. | Freagairt do na moltaí sna tuarascálacha faoi FilmOffaly agus an Chónaitheacht Bheochana |
| Féilte ealaíon agus pobail ar ardchaighdeán, e.g. Féile Scannán OFFLine, Hullaballoo! (Féile Ealaíon Uíbh Fhailí do Pháistí), Seachtain Sheanré agus Féile Ealaíon Bhiorra, Féile Ceoil Bhiorra, Scripts-Féile Ceapadóireachta Drámaí na hÉireann, TradFest.<br>Comharghrúpaí: Comharghrúpa Féilte Bhiorra | Acmhainneacht a fhorbairt trí na nithe a leanas a chur ar fáil:<br>• Infheistíocht shaindírithe,<br>• Sainchomhairle, agus<br>• Tacú le forbairt líonraí |
| Anam Beo, as barr feabhais a bhaint amach sna healaíona i suíomhanna cúraim sláinte | Tacú le Anam Beo ina gcéim reatha de chláir a fhás agus a éagsúlú trí:<br>• Leanúint den chaidreamh le FSS agus le príomhpháirtithe leasmhara eile a éascú;<br>• Oibriú lena bpáirtithe leasmhara chun a láithreacht a leathnú amach;<br>• Samhail náisiúnta dhea-chleachtais a dhéanamh dá gclár soláthair, forbartha tallainne agus meantóireachta. |
| Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra as na healaíona a chur i láthair agus a chur chun cinn, | • Leanúint ar aghaidh ag tacú lena gclár oibre |

| | |
|---|---|
| agus mar mhol gorlainne le haghaidh bainistiú féilte | • Acmhainní agus comhpháirtithe breise maoinithe a fhiosrú,<br>• Oibriú leo chun a lucht spéise agus a straitéisí rannpháirtíochta pobail a fhorbairt;<br>• Comhairle agus tacaíocht a thabhairt chun Teach Chúirte Bhiorra a fhorbairt. |
| Music Generation Uíbh Fhailí as cláir oideachais sa taibhiú ceoil atá inrochtana, cruthaitheach, éagsúil, uilechuimsitheach agus ardchaighdeáin a chur ar fáil i suíomhanna scoile agus lasmuigh díobh. | Leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhpháirtíocht le Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise/Uíbh Fhailí (BOOLUF) chun tacú le Music Generation Uíbh Fhailí a fhorbairt chun rannpháirtíocht sa chlár oiliúna ceoil a mhéadú. |
| Coimisiúin ealaíne ardchaighdeáin a léiríonn meon cultúir an chontae. | An leas is mó is féidir a bhaint as na coimisiúin ealaíne phoiblí agus infheistíocht faoi Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon trína fhiosrú an féidir ball foirne speisialtóra breise a fhostú. |
| Caidrimh oibre an-mhaithe idir an Oifig Ealaíon agus Rannóga eile sa Chomhairle, e.g. Oidhreacht, Pobal, Ailtireacht agus Leabharlanna. | Leanúint den chomhoibriú agus den chumarsáid inmheánacha a fhorbairt tríd an Meitheal um Ealaíona Poiblí a fhorbairt agus oibríochtaí éifeachtacha a uasmhéadú trí Bheartas cúig bliana um Ealaín Phoiblí/Bailiúcháin. |
| Drámaíocht, go háirithe beocht na drámaíochta amaitéaraí agus caighdeán roinnt mhaith léirithe áitiúla, agus na deiseanna a chuireann an drámaíocht amaitéarach ar fáil do dhaoine áitiúla le bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht ealaíon. | Oibriú leis na hionaid lena chinntiú go leanfar leis sin, agus tacú leis na grúpaí áitiúla nuair is féidir agus de réir mar is cuí leis na hacmhainní atá ar fáil. |
| **Laigí** | **Cén chaoi a bhféadfaimis na laigí sin a atreisiú agus láidreachtaí a dhéanamh díobh?** |
| Easpa tacaíochtaí, dámhachtainí airgeadais, agus deiseanna oibre d'ealaíontóirí aonair chun beatha a shaothrú. | (Is fadhb córasach náisiúnta é seo sna healaíona. Reáchtáladh tionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta, ach bhí tionchar teoranta acu)<br>• Cloí leis an gclár Íoc an tEalaíontóir;<br>• Oibriú le comhpháirtithe chun gnólachtaí cruthaitheacha, scoileanna agus eagraíochtaí sláinte a spreagadh chun deiseanna d'ealaíontóirí a chruthú. |
| Maoiniú agus acmhainní neamhleor á leithdháileadh ar phríomh-ionaid, eagraíochtaí agus grúpaí vis à vis leithdháiltí comparáideach sna contaetha in aice láimhe. | (Ní féidir neamhaird a thabhairt ar fhírinní eacnamaíocha sa chontae. Tá acmhainneacht theoranta ag an Údarás Áitiúil – i dtéarmaí acmhainní daonna agus airgeadais). Oibriú leis na páirtithe leasmhara ar fad chun tionchar na |

| | |
|---|---|
| | n-ealaíon a mhéadú, comhpháirtíochtaí sna réimsí sláinte, oideachas, gnó agus turasóireacht a shainaithint ar comhpháirtíochtaí iad a d'fhéadfadh maoiniú breise a thabhairt don earnáil, agus oibriú chun luach ealaíontóirí agus na hearnála ealaíon a chur san áireamh sa Chlár um Aistriú Cóir. |
| Bonneagar tógtha ealaíon neamhleor i dtéarmaí spásanna cruthaitheacha don rannpháirtíocht phobail atá lonnaithe go háitiúil, agus spásanna oibre neamhleor d'ealaíontóirí. | Tá Esker Arts tugtha chun críche agus i bhfeidhm anois. Oibriú go dlúth le comhpháirtithe inmheánacha, go háirithe leabharlanna, chun soláthar Spás Ealaíon agus Stiúideonna Éadan Doire a bhrú chun cinn, agus tacú le Biorra 20:20 ina n-uiríll faoi fhorbairt an Tí Chúirte. |
| Deiseanna thar a bheith teoranta do phobail thuaithe teagmháil a dhéanamh leis na healaíona nó bheith rannpháirteach iontu ar bhonn inbhuanaithe. | Oibriú le comhpháirtithe in ionaid agus i bpobail chun cláir agus straitéisí a fhorbairt a mbeidh teagmháil acu le pobail a bhfuil sé deacair iad a aimsiú. |
| Spleáchas mór ar thacaíocht dheonach chun féilte ealaíon agus tionscadail speisialta a fhorbairt. | Sonraí faoi obair dheonach sna healaíona a bhailiú mar bhonn eolais do bheartas sa réimse seo. |
| **Bagairtí** | **Cén chaoi a bhféadfaimis cosaint a thabhairt in aghaidh na mbagairtí sin?** |
| Bíonn laghdú ar leibhéil mhaoinithe ina bhagairt i gcónaí d'fhorbairt na n-ealaíon sna foirmeacha ealaíne ar fad. | Cé gur riosca é seo, seachas bagairt láithreach, ní mór glacadh leis agus é a mhaolú. Oibreoimid lenár n-eagraíochtaí ealaíon chun pleananna fóinteacha maoinithe agus comhpháirtíochtaí maoinithe a fhorbairt. An t-aon chosaint in aghaidh na bagartha seo ná éagsúlacht sa tsamhail mhaoinithe. |
| Brú ar ealaíontóirí bogadh mar gheall ar saoráidí easnamhacha agus/nó deiseanna oibre neamhleor. | Oibriú lenár gcomhpháirtithe in ionaid agus lenár gcomhpháirtithe inmheánacha chun cláir um spás agus cónaitheachtaí d'ealaíontóirí a fhorbairt tuilleadh. |
| Easpa soiléire faoi éiteas ealaíonta Pháirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí. | Leanúint ar aghaidh ag obair le Bord na Móna chun samhail rialachais éifeachtach a fhorbairt don Pháirc Dhealbhóireachta agus an bonn páirtithe leasmhara a leathnú amach. |
| **Deiseanna** | **Cén chaoi a bhféadfaimis leas a bhaint as na deiseanna seo?** |
| An Pháirc Dhealbhóireachta i bPáirc Fionnachtana Loch na Buaraí a fhorbairt mar shaoráid náisiúnta ealaíon ardchaighdeáin. | Leanúint ar aghaidh ag obair le Bord na Móna chun samhail rialachais éifeachtach a fhorbairt don Pháirc Dhealbhóireachta agus an bonn páirtithe leasmhara a leathnú amach. |

| | |
|---|---|
| Oibriú leis an Oifig Fiontair Áitiúil chun comhpháirtíocht, comhchruthú agus comhléiriú a spreagadh idir na healaíona agus earnálacha eile, go háirithe turasóireacht. | Fiosrú a dhéanamh ar shamhail "Gnó Cruthaitheach" a bheadh cosúil leis an tsamhail Scoileanna Cruthaitheacha agus í a ailíniú leis na moltaí i dTuarascáil an Rialtais *Together for Design* (Rialtas na hÉireann 2020), agus *An Plean Gníomhaíochta chun Seirbhísí Poiblí Níos Fearr a Dhearadh* (Rialtas na hÉireann 2023*).* Tá na scileanna Smaointeoireachta Deartha a sainaithníodh sa tuarascáil sin ag go leor ealaíontóirí cheana féin. |
| An tionscadal FilmOffaly a thógáil, infheistiú sa bhuíon thallainne agus sa bhonn scileanna agus iad a fhás, chun Uíbh Fhailí a chur sa riocht le go bhféadfaidh éabhlóid teacht air mar mhol réigiúnach a thacaíonn le braislí scannánaíochta agus closamhairc náisiúnta in Oirthear agus Iarthar na hÉireann. | Déanamh de réir na moltaí sa doiciméad *The Future of Film in Offaly – A Review of Film in Offaly* (2023). |
| Feabhas a chur ar rochtain an phobail ar Bhailiúchán Ealaíne an Chontae trí chlár taispeántais san Aitriam, Áras an Chontae, Tulach Mhór. | Fiosrú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le Bailiúcháin Ealaíne an Chontae a mhéadú agus a mbeadh i gceist leis an Áras a athoscailt mar spás poiblí taispeántais, i gcomhthéacs deiseanna féideartha sna hionaid atá ann cheana féin sa chontae agus in ionaid nua. |

## Anailís ar Láidreachtaí, Deiseanna, Ardaidhmeanna agus Torthaí (SOAR)

Níl in anailís SWOT ach bealach amháin chun féachaint ar an domhan, agus cuimsítear léi dearcadh gnó iomaíoch nach bhfuil iomchuí i gcónaí i ndomhan duine-lárnach an luacha phoiblí agus na n-ealaíon.

Is féidir leis an gcreat SOAR (Láidreachtaí, Deiseanna, Ardaidhmeanna, Torthaí) creat níos caolchúisí agus níos iomchuí a chur ar fáil don smaointeoireacht straitéiseach i gcomhthéacs seachbhrabúsach a chuireann tionchar sóisialta san áireamh. Tá sé bunaithe ar Fhiosrúchán Tuisceanach agus iarrann sé orainn féachaint ar a ndéanaimid go maith leis na hacmhainní atá againn, agus ar an gcaoi a fhéadfaimid tógáil air sin.





| Láidreachtaí | Deiseanna |
|---|---|
| Tiomantas agus toilteanas daoine a bheith rannpháirteach sna rannóga agus leibhéil éagsúla den Údarás Áitiúil agus i measc na n-ealaíontóirí, eagraíochtaí ealaíon agus grúpaí pobail. | Comhoibriú a fhorbairt laistigh den Údarás Áitiúil, mar shampla le Leabharlann agus Spás Ealaíon agus Stiúideonna Éadan Doire a bhaint amach agus a chláreagrú, agus maoiniú tráthrialta a fháil sna rannóga uile faoi Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon. |
| Tiomantas agus caighdeán na n-ealaíontóirí, na n-ionad agus na bhféilte a chomhdhéanann an earnáil ealaíon. | Samhlacha Dea-Chleachtais atá ann cheana féin a fhorbairt agus cinn nua a fhiosrú, e.g. Anam Beo, an Chónaitheacht Bheochana, Comharchumann na bhFéilte, Loch na Buaraí, Áiteanna Cruthaitheacha. Oibriú leis an earnáil agus tacú le forbairt líonraí faoi stiúir na hearnála le haghaidh comhoibriú, comhroinnte, meantóireachta, etc. Oibriú leis an earnáil chun foinsí breise maoinithe agus samhlacha/straitéisí nua a shainaithint. |
| Tacaíocht láidir ón bpobal don obair, go háirithe tríd an Líonra Rannpháirtíochta Pobail. | Fíor-chomhoibriú le pobail éagsúla lena mbíonn tionchar bríoch agus luachmhar a fhiosrú. |
| Tacaíocht láidir ón bpobal gnó i dtéarmaí urraíochta agus rannpháirtíocht. | Samhail “Gnó Cruthaitheach” a chruthóidh deiseanna agus luach a fhiosrú, mar fhreagairt don tuarascáil Scileanna sa Todhchaí 2020. |
| Tuiscint ó thaobh na polaitíochta de ar an iliomad luachanna a bhaineann leis na healaíona agus tacaíocht dóibh i measc ionadaithe tofa. | Comhoibriú le hionaid agus féilte agus comhpháirtí tríú leibhéal a shainaithint chun sonraí ábhartha a bhailiú lena bhféadfar an iliomad luachanna a bhaineann leis na |

| | |
|---|---|
| | healaíona a léiriú, agus fianaise láidir a chur ar fáil ar an gcaoi sin le tacaíocht ón lucht polaitíochta a fháil. D'fhéadfaí é sin a bhainistiú trí líonra ionad a fhorbairt – sprioc atá leagtha amach sa Straitéis Bonneagair Ealaíon. |
| Tiomantas mór don iliomad luachanna a bhaineann leis na healaíona, agus tuiscint orthu, ar fud an Údaráis Áitiúil agus go háirithe ar an leibhéal bainistíochta is sinsearaí. | Deiseanna rialta a chruthú d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí ealaíon chun a saothar a chur i láthair, a gcás a dhéanamh agus a dtionchar a dhéanamh sofheicthe trí chumarsáid éifeachtach inmheánach. |
| **Torthaí** | **Ardaidhmeanna** |
| Tá méadú tagtha ar chruthú post, gníomhaíocht eacnamaíoch agus deiseanna, feictear go gcuireann an luach iarbhír a bhaineann leis na healaíona le branda agus forbairt Uíbh Fhailí. | Tá ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon Uíbh Fhailí ag oibriú in éiceachóras inbhuanaithe agus tacúil ina dtugtar tacaíocht chothrom agus chuí do na gnéithe ar fad. |
| Ardú ar an líon ealaíontóirí (agus eagraíochtaí ealaíon) a athlonnaíonn in Uíbh Fhailí, agus a chruthaíonn saothar sa chontae agus don chontae. | Tá ealaíontóirí in ann cónaí, oibriú, agus gairmeacha beatha inbhuanaithe a shaothrú in Uíbh Fhailí. |
| Tá méadú ar chleachtas nuálach ealaíon i dtéarmaí forbairt ar fhoirmeacha ealaíon, rannpháirtíocht an phobail, gnó agus samhlacha maoinithe. | Tá ardú tagtha ar an líon ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon a fhreastalaíonn ar phobail éagsúla agus tá sé ag ardú i gcónaí. |
| An taithí atá ag muintir na háite agus ag cuairteoirí ar Uíbh Fhailí ná mar áit bheomhar, spéisiúil le bheith ag cónaí agus ag obair ann. | Tá deis ag na pobail éagsúla ar fad in Uíbh Fhailí a bheith rannpháirteach go cruthaitheach, fiosrú a dhéanamh, agus a bhféiniúlacht agus a n-áit a fhorbairt. |

Mar thoradh ar na hanailísí a rinneadh ar na smaointe, léargais agus ábhair imní a bailíodh sa taighde, sa suirbhé, in agallaimh, sna haighneachtaí i scríbhinn agus sna cruinnithe poiblí, trí anailís

SWOT agus SOAR a úsáid, ceapadh an tsamhail thrípháirteach den straitéis seo: Cumas, Comhoibriú agus Cumarsáid.




Cumarsáid
Cumas
Comhoibriú
Dearadh an straitéis chun aird agus gníomh a dhíriú ar na réimsí seo a leanas:

1. Cumas – gá le cumas a fhorbairt i measc an phobail ealaíontóirí, oibrithe deonacha, ionaid, eagraíochtaí, féilte agus san Oifig Ealaíon féin. Áirítear air sin an gá le baill foirne, ionaid, caidreamh níos fearr leis an bpobal agus scileanna margaíochta ar fud na hearnála.
2. Comhoibriú – gá le hoibriú le chéile ar fud na hearnála ealaíon chun comhpháirtíochtaí agus infheistíochtaí nua a fhorbairt, chun eolas agus scileanna a roinnt, agus chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil.
3. Cumarsáid – gá le cainéil chumarsáide shoiléire agus éifeachtacha a fhorbairt ionas go mbeidh rochtain ar fhaisnéis faoi mhaoiniú agus tacaíochtaí, ionas gur féidir teacht ar chomhairle agus meantóireacht an t-am ar fad, ionas gur féidir le hionaid, féilte agus eagraíochtaí lucht spéise níos leithne a aimsiú agus caidreamh a dhéanamh leo, agus ionas go ndéanfar méid agus tionchar na hearnála ealaíon níos leithne sa chontae a chur san áireamh agus a chur i láthair.

Tá na trí ghné sin idirnasctha le chéile. Aon aird a thabharfar ar cheann amháin díobh, beidh tionchar aige sin ar an bpéire eile. Mar shampla, is féidir linn Cumas na hearnála ealaíon níos leithne a fhorbairt trí Chomhoibriú níos mó agus níos fearr, rud a éileoidh athruithe ar an mbealach a ndéanaimid Cumarsáid lena chéile. Oibríonn an próiseas sin san ord contrártha freisin – má chuirimid feabhas ar Chumarsáid idir eagraíochtaí agus ar fud an Údaráis Áitiúil, féadfaidh Comhoibriú níos mó agus níos fearr teacht as sin, as a leanfaidh Cumas faoi fhorás.
Mar thoradh ar an tsamhail thrípháirteach, ceapadh Fís agus Misean straitéiseach, is í sin:

Beidh ról lárnach ag an Oifig Ealaíon i bhforbairt leanúnach na n-ealaíon sa chontae, comhoibriú le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíon chun saothar luachmhar a chruthú agus a chur i láthair, agus tacú le gach earnáil den tsochaí chun a bpobail a cheiliúradh trí na healaíona.

Ár Misean, laistigh de chreat ama na straitéise seo, ná chun cumas a fhorbairt, chun comhoibriú lenár bpáirtithe leasmhara agus chun cainéil chumarsáide shoiléire agus éifeachtacha a fhorbairt san earnáil ealaíon uile in Uíbh Fhailí.

# BAINT AMACH

Is féidir achoimre a thabhairt ar an dearadh straitéiseach a leagtar amach sa chuid roimhe seo mar

| Snáithe | Gníomh | Toradh |
|---|---|---|
| **Cumas** | Bealaí nuálacha a dhearadh chun na hacmhainní eolas, scileanna agus infheistíocht a mhéadú | Méadú ar an gCumas ar feadh na hearnála ealaíon sa chontae |
| **Comhoibriú** | Líonraí a thógáil, comhpháirtíochtaí a éascú, agus eolas agus scileanna a roinnt | Comhoibriú éifeachtach idir an earnáil ealaíon agus na pobail éagsúla sa chontae, agus idir an earnáil agus comhpháirtithe seachtracha i ngnó, turasóireacht, sláinte agus oideachas |
| **Cumarsáid** | Nascadh go héifeachtach agus go straitéiseach leis na páirtithe leasmhara uile chun Comhoibriú, Cumas, agus rannpháirtíocht leathan a bhrú chun cinn. | Cumarsáid níos fearr i measc na bpáirtithe leasmhara ar fad chun tacú le comhoibriú éifeachtach ar feadh an phobail níos leithne agus chun cumas agus ábaltacht a chothú |

## Cur i bhFeidhm, Monatóireacht agus Meastóireacht

Dearadh an Straitéis seo le bheith ina treoir ardleibhéil chun an earnáil ealaíon níos leithne ar fud an chontae a fhorbairt. Tá sí bunaithe ar na héachtaí atá bainte amach ag na healaíontóirí agus na heagraíochtaí ealaíon i gcomhar leis an Oifig Ealaíon ar fud an chontae le cúig bliana anuas.

Leagtar amach inti fís uileghabhálach do na healaíona in Uíbh Fhailí, aithnítear roinnt réimsí agus gníomhartha tosaíochta, agus leagtar amach an bealach a bhainfear amach an misean thar shaolré an phlean straitéisigh trí ghníomhartha ar leithligh a shainmhínítear mar Spriocréimsí nó Spriocghrúpaí, Gníomhartha, Spriocanna agus Comhpháirtithe Féideartha.

Leis an straitéis seo, suitear an Oifig Ealaíon mar chomhpháirtí straitéiseach i bhforbairt ealaíontóirí, eagraíochtaí ealaíon agus féilte ar fud an chontae. An ról atá aici ná oibriú lena comhpháirtithe san Údarás Áitiúil, le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus le healaíontóirí, eagraíochtaí ealaíon agus féilte, chun cumas a fhorbairt agus uaillmhian a chothú ar fud an chontae trí chláir ealaíon, féilte agus cleachtais rannpháirtíochta pobail a chruthú, a chláreagrú agus a bhainistiú.

Cuid lárnach de chumas a fhorbairt is ea comhoibriú agus líonrú idir ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon, agus idir an earnáil ealaíon níos leithne agus na pobail ghnó, oideachais, seirbhísí don óige, sláinte, oidhreachta agus turasóireachta agus áitiúla.

Chun cumas faoi stiúir an chomhoibrithe a fhorbairt, éilítear cumarsáid shoiléir agus straitéiseach agus pléifidh an Oifig Ealaíon le cumarsáid a dhéanamh ionas go mbeidh ealaíontóirí, eagraíochtaí ealaíon, féilte agus eagraíochtaí pobail ar an eolas faoi dheiseanna go tráthúil; oibreoimid lena gcomhpháirtithe chun a gcleachtais chumarsáide agus chaidrimh a fhorbairt agus le go n-aimseofar an méid is mó daoine agus is féidir, agus oibreoimid lenár gcomhpháirtithe chun cleachtas bailithe sonraí láidir a fhorbairt ar fud na hearnála chun an cás is láidre is féidir a dhéanamh do na healaíona ar fud an chontae.

Beidh straitéis chuimsitheach cumarsáide de dhíth chun an gréasán casta comhpháirtíochtaí seo a bhainistiú, chun comhoibriú a bhainistiú, tacú le líonraí a fhorbairt, agus cumarsáid shoiléir agus éifeachtach a chinntiú.

Déanfaidh an Oifig Ealaíon formhaoirseacht, i gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara, ar bhaint amach na straitéise ealaíon cúig bliana seo, straitéis a chuirfear i bhfeidhm trí phleananna oibríochtúla cúig bliana a sanntar buiséad agus acmhainní dóibh i gcomhréir leis na hacmhainní a leithdháiltear ina leith, a ndéantar monatóireacht agus meastóireacht ar a dtorthaí agus a bhfoilsítear iad i dTuarascáil Bhliantúil na hOifige Ealaíon chuig Comhairle Chontae Uíbh Fhailí. Beidh na pleananna oibríochtúla sin mar bhonn eolais do na hidirghabhálacha straitéiseacha sin a éilíonn pleanáil níos fadtéarmaí agus leibhéal níos airde infheistíochta.

## Aguisín I – Freagróirí Agallaimh agus Comhairliúcháin

**Rannpháirtithe sa Chruinniú Comhchéime ar líne** (agus róil a bhí acu tráth na n-agallamh)

| | |
|---|---|
| Sally O'Leary | Oifig Ealaíon |
| Angela Ryan Whyte | Oifigeach Ealaíon Cúnta |
| Clare Dunne | Oifig Ealaíon |
| Aisling Lambe, | Oifigeach um Ghníomhú ar son na hAeráide |
| Amanda Pedlow | Oifigeach Oidhreachta |
| Andrew Murray | Pleanálaí Sinsearach |
| Ann Dillon | Stiúrthóir Seirbhísí Pleanála, Forbartha Eacnamaíche, Turasóireachta, Oidhreachta, Athghiniúna, Aistrithe Chóir agus Ceantar Bardasach Bhiorra |
| Brian Pey | Oifigeach Riaracháin |
| Bridie Costello Hynes | Oifigeach Forbartha, Líonraí Rannpháirtíochta Pobail /Comhordaitheoir Aoisbhá i gComhairle Chontae Uíbh Fhailí |
| Eamonn Henry | Comhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí |
| Eileen Hughes | Oifigeach Riaracháin |
| John Cunningham | Innealtóir Sinsearach |
| Eimear McGinn | Leabharlannaí Contae |
| Jackie McIntyre | Leabharlannaí Feidhmiúcháin Sinsearach |
| Karen Gray | Oifigeach Rannpháirtíochta, Pobail Chruthaitheacha |
| Lourda Giles | Príomhoifigeach CFPÁ |
| Mark Connolly | Ceann Airgeadais, Stiúrthóir Seirbhísí ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí |
| Mark Mahon | Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol |
| Mark Maken-Finlay | Oifigeach Riaracháin |
| Monica Cleary | Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach |
| Olive Farrelly | Oifigeach Turasóireachta |
| Orla Martin | Ceann Fiontair Áitiúil |
| Paul McDonald | Innealtóir Feidhmiúcháin |
| Rachel McKenna | Ailtire Feidhmiúcháin Sinsearach |
| Sinead McEvoy | Oifigeach Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide |
| Tom Shanahan | Stiúrthóir Seirbhísí um Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhshaol, Uisce agus Iompar (lena n-áirítear NWCPO, Linnte Snámha) agus Ceantar Bardasach Thulach Mhór |
| Karen Conlon | Oifigeach Foirne Cúnta, Pobal agus Cultúr |

### Daoine ar cuireadh agallamh domhain orthu

| | |
|---|---|
| Anna-Marie Delaney | Príomhfheidhmeannach |
| Sharon Kennedy | Stiúrthóir Seirbhísí Tithíochta, Pobail, Cultúir (lena n-áirítear Leabharlanna, na hEalaíona, Spórt), Seirbhísí Éigeandála agus Ceantar Bardasach Éadan Doire |
| Ann Dillon, | Stiúrthóir Seirbhísí Pleanála, Forbartha Eacnamaíche, Turasóireachta, Oidhreachta, Athghiniúna, Aistrithe Chóir agus Ceantar Bardasach Bhiorra |
| Sally O'Leary | Oifig Ealaíon |
| Angela Ryan Whyte | Oifigeach Ealaíon Cúnta |
| Eimear McGinn | Leabharlannaí Contae |

| | |
|---|---|
| Andrew Murray | Pleanálaí Sinsearach |
| Rachel McKenna | Ailtire Feidhmiúcháin Sinsearach |
| Amanda Pedlow | Oifigeach Oidhreachta |
| Karen Gray | Oifig Rannpháirtíochta, Pobail Chruthaitheacha |
| Olive Farrelly | Oifigeach Turasóireachta |
| John Cunningham | Innealtóir Sinsearach |
| Emma Nee Haslam | Bainisteoir, Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra |
| Sean Walsh | Stiúrthóir, Esker Arts |
| Salters Sterling | Biorra 20:20 |
| Seonaid Murray | Áit Chruthaitheach, Éadan Doire |
| Julie Spollen | Anam Beo |
| Ger Relph | Music Generation |
| Joe Ryan | Bord na Móna |
| Gary Hoctor | Offline Film Festival |

## Buíochas

Tugann Comhairle Chontae Uíbh Fhailí aitheantas do na daoine, ealaíontóirí, daoine óga, eagraíochtaí ealaíon, grúpaí pobail agus soláthróirí seirbhísí ar fad a thug a gcuid ama go flaithiúil chun páirt a ghlacadh i gcruinnithe comhairliúcháin, agus a chuidigh le straitéis ealaíon chúig bliana Uíbh Fhailí, 2024-2028, a fhorbairt.

**Buíochas faoi leith:**

- Ionadaithe tofa Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí
- Comhaltaí an Choiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Pobal, Cultúr agus Seirbhísí Éigeandála
- Anna Marie Delaney, Príomhfheidhmeannach, agus baill foirne na hArdbhainistíochta i gComhairle Chontae Uíbh Fhailí
- An Chomhairle Ealaíon